CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2020/214 ÓN GCOMHAIRLE

an 17 Feabhra 2020

lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Bealarúise

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ar an 15 Deireadh Fómhair 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/642/CBES [1] maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Bealarúise.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar an gCinneadh sin, ba cheart na bearta sriantacha i gcoinne na Bealarúise a fhadú go dtí an 28 Feabhra 2021.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2012/642/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 8 de Chinneadh 2012/642/CBES:

"*Airteagal 8*

1. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 28 Feabhra 2021.

2. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar an gCinneadh seo agus déanfar é a athnuachan nó a leasú, de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nach bhfuil a chuspóirí comhlíonta.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Feabhra 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

[1] Cinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Bealarúise (IO L 285, 17.10.2012, lch. 1).